

Labhair Leat 010103.mp3

M: Á, Dia daoibh ar maidin. Isteach libh. Bhuel, caidé mar atá sibh inniu?

B: Tá muid go breá, go raibh maith agat. Agus tú féin?

M: Ó, go maith, go maith. Á Áine. Tá Róisín agus Brian anseo.

Á: Dia daoibh.

Á: Tá sibhse i bhur suí go luath inniu.

B: A' bhfuil a fhios agat cad é an lá ar siúil.

Á: Tá, an Satharn atá ann.

B: Ach cén Satharn?

Á: Níl a fhios agam. Do bhreithlá inniu?

B: An Grand National, rás capall.

Á: Ó.

V. Bhain mise cúpla punt ar sin anuraidh

M: Ar bhain? Thig leatsa capall a phiocadh domhsa, mar sin.

B: Amharc. Tá liosta na gcapall sa nuachtáin seo.

Á: Chaill mise cúig phunt anuraidh.

B: Tá ádh mór ort inniu agus orainn uilig.

Á: Anois, cuirfidh mise punt ar...mmm, uimhir a seacht, Hill of Slane.

R: Is maith liom an t-ainm sin.

Á: Agus punt ar uimhir a haon déag agus caoga pingin ar uimhir a sé déag, agus ar uimhir tríocha.

B: Capall uimhir a seacht, tá seisean maith, ach níl a fhios agam fá na capaill eile sin. Cuirfidh mise dhá phunt ar uimhir a seacht agus punt ar uimhir...uimhir a deich, agus ar uimhir fiche a ceathair.

M: Déanfaidh mise an rud céanna agus punt eile ar uimhir fiche a sé. A Róisín, cad é ba mhaith leatsa.

R: Níl a fhios agam. Ní maith liom na hainmneacha sin le togadh. 'Bhfuil na tuismeánna ins an nuachtáin sin.

M: Fán go bhfeicfidh mé. O, tá, seo iad. Cén comhartha?

M: An saighdeoir. Rugadh mé i mí na Nollaig.

R: An saighdeoir, an saighdeoir. Cá bhfuil sé? Ó seo. Éist le seo. Deir sé, "Scéala maith inniu i dtaca le h-airgead. Ná h-éist le duine ar bith eile. Déan do rogha rud. Uimhir shona, a trí déag.

B: Ná creid an amaidí sin. Níl an capall sin maith ar chor ar bith. An gcreideann tusa na tuismeánna XXXX, a Mhuiris?

M: Hóró, ní chreidim. Deirfidh siad i gcónaí an rud céanna.

R: Bhuel, creidimse iad. Cuirfidh mise cúig phunt ar uimhir a trí déag, High Horse.

M: A Róisín. Bíodh ciall agat. Níl maitheas ar bith sa chapall sin.

B: B'fhearr duit punt a chur ar chúig chapall.

Á: Déan do rogha rud, a Róisín.

R: Cuirfidh mise cúig phunt ar uimhir a trí déag agus sin sin.

M: 'Bhfuil tú cinnte.

R: Tá. Má bhainim, beidh céad punt agam.

B: Maith go leor. Rachfaidh muid anois chuig an geallglacadóir. Buailigí isteach tigh s'againne i ndiaidh an rása,... abair, leath i ndiaidh a sé.

R: Beidh mo chuid airgid ansin agam.

M: Níl seans ar bith agat. B'fhearr an t-airgead a chur ar asal.

R: Fán go bhfeicfidh tú, a mhic ó. Slán go fóill.

R: Yippee. Tá mé saibhir. Tá céad punt agam.

Á: Comhghairdeas. Bhain mise chomh maith. Fuair mise deich bpunt.

R: Maith thú! Agus tusa, a Mhuiris?

M. A bhuel

R. Muiris bocht. Ní bhfuair sé pignin rua

Á. Agus Brian bocht fosta. Ní bhfuair seisean pingin rua ach oiread.

B. Maith go leor, maith go leor. Bhí an ceart agatsa. Nó bhí an t-ádh leat.

Á. A bhuel. An bhliain seo chugainn, b'fhéidir. Anois, rachaidh muid uilig

amach anocht. Cá háit a rachaidh muid?
Chuig a' phictiúrlann?

M. Cár iad na scannáin atá ann. 'Bhfuil nuactáin anseo áit éigin? A, seo é. 'Nois. San ABC tá Star Wars, scannán de chuid Walt Disney, agus Jaws Uimhir a Dó.

B. Chonaic mise Star Wars roimhe.

Á. Ní maith liomsa Walt Disney.

R. Ba mhaith liomsa Jaws a fheiceáil.

Á. Cén t-am a thosaíonn sé.

M. Tosaíonn sé ag leath i ndiaidh a seacht.

Á. Agus cén t-am anois é?

R. Tá sé ceathrú go dtí a seacht.

B. Níl go leor ama againn dul ansin. Tá sé ro-fhada ar shiúl. Éist. Cad é atá ar siúl san Odeon, a Mhuiris.

M. San Odeon, 'nois, tá Superman a Trí.

R. 'Fuath liom Superman.

M. Gandhi.

Á. Tá sé sin i bhfad ró-fhada. Maireann sé trí huaire go leith nó mar sin.

B. Chonaic muidinne é roimhe cibé. Tá sé maith ach éiríonn sé rud beag leadránach.

M. Agus scannán James Bond.

Á. Cé acu?

M. Goldfinger. Tosaíonn sé ag fiche go dtí a hocht.

B. Tá scannán maith ar a' teilifís anocht, ag ceathrú i ndiaidh a hocht.

Á. Ach ba mhiath liomsa dul amach.

R. Mise fosta. Thig linn dul ag ithe ina dhiaidh sin.

Á. Ar ndóighe, thig leatsa fánacht istigh ag amharc ar an teilifís, más mian leat, a Bhriain.

B. Bhuel, níl sé chomh maith sin.

M. 'Bhfuil a fhios agat go bhfuil coirm cheoil de chiud De Danann ann anocht ar a hocht. Tá siad thar a bheith maith.

Á. O, b'fhearr liom go mór dul ansin. Cad é do bharúil, a Róisín.

R. Smaoineamh maith. Tá mise an-sásta leis sin.

Á. A Bhriain.

B. Go hiontach! Tá siad i bhfad níos fearr ná na scannáin sna pictiúrlanna cibé.

M: Tá sé sin socraithe anois. Rachaidh muid chuig an choirm cheoil agus chuig proinnteach ina dhiaidh, agus thig le na daoine saibhre, Róisín agus Áine, íoc as an iomlán. Cad é do bharúil, a Bhriain?

B. Anois, sin smaoineamh maith, a Mhuiris.